etb
Bord Oideachais agus Oiliúna
Chill Chainnigh agus Cheatharlach
Kilkenny and Carlow
Education and Training Board

Tuarascáil Bhliantúil

2019

Clár Ábhair

Brollach 4
Comhaltaí Bhoird Oideachais agus Oiliúna Chill Chainnigh agus Cheatharlach 5
Ár misean 6
Ár bhfís 6
Ár luachanna 6
Achoimre ar Sheirbhísí 7
Struchtúr Eagraíochta 8
Spriocana Straitéiseacha BO&OCCC 2017 – 2021 10
Rialachas Corparáideach 13
Mandáid Reachtúil 13
Oiliúint Ionduchtaithe do Chomhaltaí Boird 17
Coistí 18
Coiste um Iniúchóireacht agus Measúnú Riosca 18
Coiste Airgeadais 19
Ráitis Airgeadais 20
Tuarascálacha Stiúrthóireachta 22
Stiúrthóireacht Scoile 22
Stiúrthóireacht Breisoideachais agus Oiliúna 28
Stiúrthóireacht Forbartha & Tacaíochta Eagraíochtúil (OSD) 34

Brollach

Tá áthas ar Bhord Oideachais agus Oiliúna Chill Chainnigh agus Cheatharlach a Thuarascáil Bhliantúil a chur i láthair do 2019. Leagann an tuarascáil seo amach réimse cuimhsitheach na ngíomhaíochtaí atá ar bun i scoileanna, in ionaid agus i seirbhísí de chuid BO&OCCC le bliain anuas. San áireamh freisin sa tuarascáil, tá faisnéis ar rialachas corparáideach agus ar fheidhmeana airgeadais BO&OCCC don tréimhse 1 Eanáir to dtí 31 Nollaig 2019.

In Iúil 2019 tar éis na dtoghchán áitiúil, ceapadh Bord nua do BO&OCCC le haghaidh tréimhse cúig bliana. Tacaíonn an fhoireann cheanasaíochta fheidhmiúcháin leis an mBord ina chuid oibre agus tugann sí treoir maidir le tosaíochtaí straitéiseacha agus feidhmeanna bainistíochta na heagraíochta. Le chéile, d'oibrigh an Bord agus an fhoireann feidhmiúcháin go héifeachtach chun na forbairtí a stiúradh a tháinig chun cinn le linn 2019 sna scoileanna, san oideachas agus oiliúint, agus sa tacaíocht eagraíochta.

Chuir BO&OCCC roinnt tionscadail thábhachtacha ar aghaidh i rith na bliana arbh é an ceann ba shuntasaí ná Campas Cheatharlach a chríochnú agus a oscailt. Caibidil nua a bhí i gceist do Choláiste Tyndall agus d'Institiúid Breisoideachais Cheatharlach nuair a tháinig mac léinn ar an gCampas i Lúnasa den chéad uair. Lena chois sin, rinneadh dul chun cinn maith ar an tionscadal Campas Chill Chainnigh nuair a ceapadh foireann deartha agus nuair a cuireadh críoch leis an gcomhaontú go n-aistreofaí an suíomh. Tharla tuilleadh forbartha ar an gCampas Oiliúna Chill Chainnigh nua agus cuireadh le líon na bprintíseachtaí agus na gCúrsaí Oiliúna.

Tá spriocanna agus aidhmeanna uaillmhianacha leagtha amach i Ráiteas Straitéise BO&OCCC do na cúig bliana suas go dtí 2022. Sa tréimhse seo, beidh BO&OCCC ina cheannasaí chun deiseanna oideachais agus oiliúna i gCeatharlach agus i gCill Chainnigh a fhorbairt. Cruthóidh sé timpeallachtaí agus taithí foghlama dearfach do dhaoine ag gach céim den fhoghlaim ar feadh an tsaoil agus leanfaidh sé air ag freagairt ar riachtanais áitiúla.

Tá an t-ádh ar BO&OCCC go bhfuil bord agus foireannan-tiomanta aige, agus cuireann gach duine iontu le rath ár scoileanna, ár n-ionaid agus ár seirbhísí. Aithnímid an tiomantas agus as saineolas a léiríonn ár gceannasaithe agus ár bhfoireann sna tionscadail go léir atá curtha chun cinn againn i mbliana mar aon leis an gcaoi a chuirtear obair BO&OCCC chun cinn. Taobh thiar de gach rud a dhéanaimid i mBO&OCCC, déanaimid é chun tairbhe na bhfoghlaimeoirí: de bharr na comhpháirtíochta rathúla idir an bord and an fhoireann, tá dul chun cinn suntasach déanta ag BO&OCCC maidir lena aidhmeanna a bhaint amach in 2019.

An Clr. Peter Cleere
Cathaoirleach

Eileen Curtis
Príomhfheidhmeannach

Comhaltaí Bhoird Oideachais agus Oiliúna Chill Chainnigh agus Cheatharlach

Ainm	Ionadaíocht
Eileen Brophy	Chomhlachas Éireann
Fergal Browne	Comhairle Contae Cheatharlach
Mary Hilda Cavanagh	Comhairle Contae Chill Chainnigh
Peter Cleere	Comhairle Contae Chill Chainnigh
Laura Conheady	Ionadaí foirne
Deirdre Cullen	Comhairle Contae Chill Chainnigh
Andrea Dalton	Comhairle Contae Cheatharlach
Michael Delaney	Comhairle Contae Chill Chainnigh
Eamonn Doheny	Ionadaí tuismitheora
Fidelis Doherty	Comhairle Contae Chill Chainnigh
Ger Frisby	Comhairle Contae Chill Chainnigh
Denis Hynes	Comhairle Contae Chill Chainnigh
Matthew Kenny	Ionadaí foirne
Richie Manogue	IBEC
Caitlín Mhic Cárthaigh	Conradh na Gaeilge
Brian O'Donoghue	Comhairle Contae Cheatharlach
Patrick O'Neill	Comhairle Contae Chill Chainnigh
Jenny O'Regan Byrne	Ionadaí tuismitheora
Noel Phelan	NALA
Clare Ryan	Bainistíocht/Ceannaireacht Scoile
Adrienne Wallace	Comhairle Contae Cheatharlach

Comhaltaí Bhoird BO&OCCC ó Eanáir go dtí Iúil 2019

Ainm	Ionadaíocht
Gerard Brophy *	Aontas
Fergal Browne	Comhairle Contae Cheatharlach
Mary Hilda Cavanagh	Comhairle Contae Chill Chainnigh
Peter Cleere	Comhairle Contae Chill Chainnigh
Andrea Dalton	Comhairle Contae Cheatharlach
Michael Daly *	Bainistíocht/Ceannaireacht Scoile
Fidelis Doherty	Comhairle Contae Chill Chainnigh
Matt Doran *	Comhairle Contae Chill Chainnigh
Denis Foley *	Comhairle Contae Cheatharlach
Ger Frisby	Comhairle Contae Chill Chainnigh
Breda Gardner *	Comhairle Contae Chill Chainnigh
Karen Hennessy *	IBEC
Joe Malone *	Comhairle Contae Chill Chainnigh
Richie Manogue	IBEC
Caitlín Mhic Cárthaigh	Foras na Gaeilge
Jenny O'Regan Byrne	Ionadaí tuismitheora
Diarmuid Ó Sé *	Ionadaí tuismitheora
John Pender *	Comhairle Contae Cheatharlach
Eleanor Reddy *	Ionadaí foirne
Keith Shirley *	Ionadaí foirne
Maurice Shortall *	Comhairle Contae Chill Chainnigh
* comhaltaí ó Eanáir - Iúil *2019*	

Ár misean

Cuireann Bord Oideachais agus Oiliúna Chill Chainnigh agus Cheatharlach ar chumas foghlaimeoirí barr a gcumais a bhaint amach agus cuireann sé le forbairt sóisialta, cultúrtha agus eacnamaíoch ár gceantair agus ár tíre.

Ár bhfís

An aidhm is mian linn a bhaint amach ná:
Forbairt i réimse na ndeiseanna oideachais agus oiliúna a stiúradh inár dhá chontae trí dul i mbun caidrimh le foghlaimeoirí agus leis an bpobal, trí thimpeallachtaí agus trí thaithí foghlama dearfach a chruthú do dhaoine ag gach céim den chosán foghlama ina bhfuil siad, agus cur leis an bhforbairt sóisialta agus eacnamaíoch.

I ngach rud a dhéanaimid, is é ár n-aidhm ná "tagarmharc a leagan síos do sheirbhís oideachais agus oiliúna nach féidir a sháraú".

Ár luachanna

Aithnímid an luach agus an ról atá ag an bhfoghlaim maidir le forbairt, comhtháthú agus folláine an tsochaí, Taobh thiar de gach rud a dhéanaimid tá ár dtiomantas freastal ar leas na bfoghlaimeoirí. Tá sé mar aidhm againn barr feabhais a bhaint amach agus táimid tiomanta feabhsuithe a chur i bhfeidhm go leanúnach tríd ár n-eagraíocht. Cuirimid béim ar chaidrimh agus ar bheith ag comhoibriú laistigh den earnáil oideachais agus oiliúna agus leis an bpobal i gcoitinne.
Mar eagraíocht sheirbhíse phoiblí, tá cultúr cuntasachta, macántachta, cothroime, oscailteachta agus measa neadithe laistigh de BO&OCCC.
Tá caighdeáin arda againn maidir le garimiúlacht, macántacht, oibiachtúlacht agus cáilíocht, agus tá ról lárnach acu sa tslí a fhreastalaímid ar ár bhfoghlaimeoirí go léir. Failtímid roimh an éagsúlacht agus táimid oscailte i dtaca le smaointí nua.

Achoimre ar Sheirbhísí



Léascáil tíreolaíoch de BO&O Chill Chainnigh agus Cheatharlach

Struchtúr Eagraíochta

Tacaíonn Coiste Feidhmiúcháin le Bord BO&OCCC agus tá an Coiste sin freagrach as polasaí agus bainistíocht laethúil a chur i bhfeidhm mar aon feidhmeanna nach bhfuil forchoimeádta don Bhord mar atá leagtha amach in M12 den Acht um Bhoird Oideachais agus Oiliúna, 2013.

Feidhmíonn BO&O Chill Chainnigh agus Chearthartlach sa dá chontae sin. Tá an ceannoifig i gCeatharlach agus oifig eile i gCill Chainnigh.

I gceannas ar fhoireann bainistíochta BO&O Chill Chainnigh agus Chearthartlach tá Príomhfheidhmeannach agus triúr stiúrthóirí, an Stiúrthóir Scoileanna, an Stiúrthóir Breisoideachais agus Oiliúna agus an Stiúrthóir Tacaíochta agus Forbartha Eagraíochta.



1 Feabhas a chur ar thaithí foghlama agus ar thorthaí do gach foghlaimeoir	***Múinteoireacht agus foghlaim ardchaighdeáin*** ▪ Tuairiscí cigireachta ábhair/cláir/scoile uile i scoileanna/in ionaid ▪ Torthaí scrúduithe i scoileanna agus ionaid FET ▪ Stádas Ionaid Thar Barr ó City & Guilds ▪ Ceardlanna múinteoireachta agus foghlama do scoileanna – tús curtha le cohórt 3 ▪ Clár cóitseála do scoileanna ▪ Críoch curtha le clár oiliúna digiteach i scoileanna – Céim 1 ▪ Baill foirne breise earcaithe agus ceaptha san oideachas agus san oiliúint ▪ Oiliúint Phrintíseachta Leictreachais Céim II – tionscnamh 'scileanna breise chun dul ar aghaidh' tugtha isteach
	Leasú Curaclaim ▪ Laethanta oiliúna don Teastas Sóisearach i scoileanna ▪ Clár Folláine forbartha i scoileanna don Teastas Sóisearach ▪ PE agus Polaitíocht agus an tSochaí tugtha isteach i roinnt scoileanna ▪ Cláir nua forbartha in ionaid sheirbhísí oiliúna agus oideachais BO&OCCC ▪ An clár Tobar tosaithe leis na Fórsaí Cosanta ar bhonn píolótach
	Úsáid TFC ▪ Rolladh amach breise déanta ar an Straitéis Dhigiteach do Scoileanna- ▪ Uasghrádú déanta ar infreastruchtúr TFC i scoileanna, in ionaid agus i seirbhísí ▪ Caiteachas breise ar thacaíochtaí ranga agus foghlama ▪ Foghlaim le cuidiú teicneolaíochta curtha chun cinn san FET agus i scoileanna ▪ Tuilleadh forbartha déanta ar an glcár ceannasaithe digiteacha do scoileanna ▪ Comhordaitheoir ceaptha don Fhoghlaim le Cuidiú Teicneolaíochta
	Cruthaitheacht agus folláine ▪ Tús áite tugtha do chláir fholláine, sláinte agus mheabhairshláinte i scoileanna, in ionaid agus in oifigí ▪ Rannpháirteach i gcláir agus i gcomórtais náisiúnta agus idirnáisiúnta ▪ Rannpháirteach bhfeachtais fhógraíochta náisiúnta chun seirbhísí Foghlama Aosach a chur chun cinn ▪ Fóram Foghlama Náisiúnta FET óstáilte ag BO&OCCC ▪ Cúrsaí gairide TFC agus códaithe tugtha isteach don Teastas Sóisearach i roinnt scoileanna ▪ Comórtas díospóireachta BO&O do scoileanna
	An Fhoghlaim ionchuimsitheach ▪ Ionaid for-rochtana nua don fhoghlaim aosach ▪ Obair le cláir athlonnaithe teifigh i gCill Chainnigh agus i gCeatharlach ▪ Aonaid breise neamhoird de chuid speictream an uathachais (ASD) agus ranganna speisialta, ag feidhmiú i scoileanna agus tuilleadh pleanáilte ▪ Teicneolaíocht chuidithe curtha ar fáil d'fhoghlaimeoirí ▪ Tuilleadh rolladh amach den mhúnla leithdháilte acmhainní do dhaltaí a bhfuil sainriachtanais acu ▪ Leibhéal 1-6 críochnaithe ag os cionn 1,000 foghlaimeoir ar chláir pháirtaimseartha san Oideachas Aosach ▪ Ranganna Béarla curtha ar fáil mar chuid den chlár athlonnaithe Teifigh

2 Cinnte a dhéanamh de go bhfuil seirbhísí BO&OCCC go léir ar ardchaighdeán	***Caighdeáin Ghairmiúla*** ▪ Forbairt Ghairmiúil Leanúnach don fhoireann i scoileanna, sna hionaid agus sna hoifigí ▪ Díriú ar chlár bainistíochta agus ceannaireachta do cheannasaithe scoile ▪ Feasacháin oiliúna, forbartha agus faisnéise a chur ar fáil –rialachas, folláine, gnáthaimh airgeadais, bainistiú riosca
	Rialachas ▪ Ainm curtha go luath le Ráitis Airgeadais 2018 ▪ Bord BO&O nua ceaptha ▪ Boird Bhainistíochta nua curtha i bhfeidhm ▪ Oiliúint do gach bord/coiste ▪ Coiste um Iniúchóireacht agus Riosca nua ceaptha ▪ Coiste Airgeadais ceaptha ▪ Mionsonraí an Bhoird foilsithe ar líne ▪ Polasaithe agus nósanna imeachta leasaithe chun dáta ▪ Tacaíocht do lucht bainistíochta scoile agus ionaid chun riachtanais rialachais a chomhlíonadh ▪ Creat um Bhainistiú Riosca agus Clár Riosca coimeádta ▪ Polasaithe agus nósanna imeachta AD foilsithe ar líne ▪ Íocaíochtaí os cionn €20,000 foilsithe, mar aon le tuairisc um íocaíocht phras agus speansais an bhoird ▪ Tuarascáil um Iniúchóireacht ar Chomhlíonadh ▪ Plean Soláthair Chorparáideach forbartha ▪ Tús curtha le Tionscadal Seirbhísí Comhroinnte um Phárolla ▪ Comhlíonadh déanta le nósanna imeachta um Chosaint Leanaí ▪ Críoch curtha le Tuarascáil Fhéinmheasúnaithe Fheidhmiúcháin QQI
	Timpeallachtaí oibre agus foghlama ardchaighdeáin ▪ Foirgnimh scoile nua agus uasghrádaithe ▪ Críoch curtha leis an gColáiste Tyndall nua agus é oscailte, chomh maith le hInstitiúid Bhreisoideachais Cheatharlach ▪ Dul chun cinn déanta ar Champas Scoileanna Chill Chainnigh – foireann deartha ceaptha ▪ Tús curtha le straith tionscadal agus oibreacha éigeandála caipitil/athchóirithe i scoileanna ▪ Feabhas curtha ar infreastruchtúr digiteach i scoileanna/agus i seirbhísí FET ▪ Uasdátú déanta go dtí Microsoft 10 i ngach cuid de BO&OCCC ▪ Uirlis chumarsáide tugtha isteach i scoileanna
	Dearbhú Cailíochta ▪ Creat Ag Féachaint ar ár Scoileanna tugtha isteach agus forbairt déanta air ▪ Féinmheasúnú Scoile – ceardlanna críochnaithe i scoileanna ▪ Athbhreithniú ar sholáthar ceannaireachta agus bainistíochta i scoileanna ▪ Moltaí sna tuaraiscí cigireachta curtha i bhfeidhm ▪ Treoirlínte maidir le dearbhú cáilíochta QQI á bhforbairt ▪ Measúnú Feidhmíochta FET críochnaithe mar chuid den chaidreamh athnuaite le QQI ▪ Na tascanna céanna curtha i bfheidhm do BTEI agus don Litearthacht d'Aosaigh ▪ Plean Feabhsaithe Cáilíochta 2019 comhaontaithe agus curtha chun cinn

	Obair déanta le pobail, le tuismitheoirí, le teaghlaigh ▪ Searmanas bronnta Dalta na Bliana ▪ Taispeántais d'obair agus d'éachtaí na bhfoghlaimeoirí ▪ Margaíocht de sheirbhísí scoile agus FET trí fheachtais mheáin, laethanta oscailte agus taispeántais ▪ Cumainn thuismitheoirí gníomhacha ▪ Ceardlanna Comhairle na nDaltaí ▪ Taispeántais agus Ceardlanna um Ghairme ▪ Tús curtha le Music Generation Chill Chainnigh ▪ Athbhreithniú déanta ar chlár Music Generation Cheatharlach ▪ Tionscnaimh Óige forbartha i gCaisleán an Chomair agus sa Tulach ▪ Próifíl agus Measúnú Riachtanais Cheantair déanta le haghaidh UBU
3 Ár naisc leis an bpobal i gcoitinne a neartú	***Forbairt eacnamaíoch agus fiontraíochta*** ▪ Fás leanúnach sa chlárú le haghaidh printíseachtaí agus cúrsaí oiliúna ▪ Naisc fheabhsaithe le lucht gnó agus tionscail ▪ Cur leis an bhFóram Scileanna Réigiúnach Thoir Theas; Plean Gníomhaíochta um Phoist Thoir Theas; Coistí Forbartha Pobail Áitiúla ▪ Athbhreithniú déanta ar Phrótacal Idirghníomhaireachta RGFCS/BO&O. ▪ Leathnú amach den Chlár Scileanna don Obair ▪ Athbhreithniú leanúnach de chláir FET chun freastal ar riachtanais scileanna ▪ Cláir idirbliana i scoileanna ag díriú ar an gcruthaitheacht, ar an nuálaíocht agus ar an bhfiontraíochta ▪ Clár EXPLORE– litearthacht dhigiteach a chur chun cinn go háitiúil ▪ Bonnchúrsaí agus nasc-chúrsaí nua tugtha isteach ▪ Cúrsaí Oiliúna sa TF agus i bhForbairt Bogearraí
	Comhoibriú le ROS, le BO&OÉ agus le BO&O eile ▪ Teagmháil le ROS maidir le soláthar foirne, le tionscadail chaipitil agus le polasaí a chur i bhfeidhm ▪ Rannpháirtíocht ghníomhach i bhfóraim de chuid BO&OÉ agus i seirbhísí tacaíochta ▪ Dea-chleachtas agus saineolas a roinnt le BO&O eile ▪ Cur chuige BO&O earnála maidir le polasaithe náisiúnta a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm

Rialachas Corparáideach

Mandáid Reachtúil

Tá Bord BO&OCCC freagrach as stiúr agus smacht a choimeád ar BO&OCCC agus tá an Príomfheidhmeannach freagrach as oibríochtaí na heagraíochta. Tá freagracht dhíreach ag an mBord maidir leis na feidhmeanna forchoimeádta mionsonraithe i M12 den Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna 2013 agus tá obair an Bhoird leagtha amach ar aon dul leis seo. Déanann an Príomhfheidhmeannach feidhmeanna feidhmiúcháin agus tá sí freagrach don Bhord maidir le feidhmíocht na bhfeidhmeanna seo.

I measc na míreanna seasta a ndéanann an Bord plé orthu tá:

- Fógairt leasa
- Tuarascáil an Phríomhfheidhmeannaigh
- Tuasarcálacha Airgeadais
- Ábhar forchoimeádta
- Bainistíocht Riosca
- Tuasarcálacha Coistí

Cód Cleachtais maidir le Rialachas na mBO&O

Tháining an Cód Cleachtais maidir le Rialachas na mBO&O 2019 i bhfeidhm in Eanáir 2019. Ar aon dul leis an gCód, gníomhaíonn an Bord ar bhonn eitice, de mheon macánta, le dícheall cuí agus chun leasa BO&OCCC, ag cur san áireamh mar is cuí a fhreagrachtaí dlí agus polasaithe an Aire agus an Rialtais. Ghlac BO&OCCC leis an gCód agus tá cleachtaí agus nósanna imeachta curtha i bhfeidhm chun cinnte a dhéanamh de go gcloítear le riachtanais atá cothrom le dáta.

An Tuarascáil Bhliantúil agus na Ráitis Airgeadais

Tá an Bord freagrach as Tuarascáil Bhliantúil agus Ráitis Airgeadais a ullmhú, as a bhfuil tuiscint mhaith le fáil ar ghníomhaíochtaí, ar stádas agus ar ioncam agus caiteachas an Bhoird in 2019.

Bainistiú Riosca

Déanann an Bord maoirseacht ar bhainistíocht riosca agus deimhníonn sé go bhfuil measúnú déanta aige ar phríomhrioscaí BO&OCCC, bearta maolaithe bainteacha agus deimhniú go bhfuil na mbearta seo éifeachtach in 2019.

Déanann an Bord riosca a bhainistiú don eagraíocht trí chlár struchtúrtha bainistíochta riosca. I é an Coiste um Iniúchóireacht agus Riosca a rinne maoirseacht ar bhainistíocht riosca don Bhord. Is mír sheasta í an bhainistíocht riosca ag gach cruinniú Boird agus áirítear na rudaí a leanas:

- Tuarascálacha riosca ón ardbhainistíocht, an Príomhoifigeach Riosca
- Tuarascálacha ón gCoiste um Iniúchóireacht agus Riosca.
- Athruithe i rátáil riosca
- Clár Iniúchóireachta

Cuidíonn an Coiste um Iniúchóireacht agus Riosca leis an mBord agus tugann sé léiriú neamhspleách maidir lena fhreagrachtaí Bainistíochta Riosca.

Córas Rialaithe Inmheánach

Tá córas rialaithe inmheánach éifeachtach agus éifeachtúil i bhfeidhm ag Bord BO&OCCC de réir M7.4 den Chód. Cinntíonn an córas rialaithe inmhéanach go gcosnaítear sócmhainní, go ndéantar idirbhearta a údarú agus a thaifeadadh i gceart, agus go seachnaítear nó go mbraitear earráidí ábhartha nó neamhrialtachtaí go tráthúil.

Tá an córas rialaithe inmheánach atá i bhfeidhm i mBO&OCCC bunaithe ar:

- Nósanna imeachta bainistíochta agus riaracháin
- Deighilt idir dualgaisí
- Údarú ar leith
- Seiceáil inmheánach
- Fógairtí Dearbhaithe sínithe ag an ardbhainistíocht
- Tuarascálacha athbhreithnithe bainistíochta a eisítear go míosúil ina bhfuil na fíorthorthaí agus na torthaí buiséadaithe de chláir atá ar bun ag BO&OCCC
- Tuarascálacha iniúchóireachta seachtracha agus moltaí
- Tuarascálacha iniúchóireachta inmheánacha agus moltaí
- Athbhreithniú bliantúil déanta ag an mBord ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh

Deimhníonn an Bord go ndearnadh athbhreithniú ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh.
Deimhníonn an Cathaoirleach go bhfuil an Ráiteas ar Rialú Inmheánach, atá faoi réir athraithe go dtí go mbeidh críoch curtha leis an iniúchóireacht sheachtrach, san áireamh sna Ráitis Airgeadais Bliantúla agus mar aguisín do Thuarascáil Chuimsitheach an Chathaoirligh a cuireadh faoi bhráid an Aire.

Soláthar

Cloíann BO&OCCC le polasaithe agus le nósanna imeachta ábhartha agus tá Plean Soláthair Chorparáideach i bhfeidhm aige. Rinne an Plean Soláthair Chorparáideach scrúdú ar aon neamhchomhlíontacht le polasaí soláthair. Amhail 31 Nollaig 2019 bhí 6.3% de chaiteachas neamhchomhlíontach ag BO&OCCC, bhí próisis soláthair ag dul ar aghaidh maidir le roinnt seirbhísí chun go mbeidh said ag comhlíonadh polasaithe, agus áiríodh san fhigiúr seo iad.

Cód Caiteachais Phoiblí 2013

Tá BO&OCCC ag comhlíonadh na ngéithe ábhartha den Chód Caiteachais Phoiblí.

Comhlíonadh Cánach

Tá BO&OCCC tar éis comhlíonadh a chuid dualgaisí faoin dlí cánach.

Athbhreithniú ar Éifeachtacht an Bhoird

Rinne an Bord athbhreithniú ar a chuid éifeachtachta féin ag a Chruinniú Boird i Márta 2019 de réir S4 den Chód.

Sceideal Cruinnithe an Bhoird, Tinreamh agus Speansais

Bhuail Bord BO&OCCC le chéile ar na dátaí seo a leanas in 2019:

- 17 Eanáir 2019
- 19 Feabhra 2019
- 21 Márta 2019
- 02 Bealtaine 2019
- 25 Iúil 2019* x 2
- 03 Meán Fómhair 2019
- 19 Samhain 2019

*bunú Bord nua, dhá chruinniú ar an dáta seo.

Bunaíodh Bord BO&OCCC nua ar 25 Iúil 2019.

Tinreamh Bhord BO&OCCC – suas go dtí Iúil 2019					
Ainm	**Ionadaíocht**	**17 Ean**	**19 Fea**	**21 Már**	**2 Bealt**
Fergal Browne	Comhairle Contae Cheatharlach	X	X		X
Mary Hilda Cavanagh	Comhairle Contae Chill Chainnigh	X	X	X	X
Peter Cleere (Cathaoirleach)	Comhairle Contae Chill Chainnigh	X	X	X	X
Andrea Dalton	Comhairle Contae Cheatharlach			X	X
Fidelis Doherty	Comhairle Contae Chill Chainnigh	X	X	X	X
Matt Doran (Leaschathaoirleach)	Comhairle Contae Chill Chainnigh	X		X	
Denis Foley	Comhairle Contae Cheatharlach		X	X	
Ger Frisby	Comhairle Contae Chill Chainnigh	X			X
Breda Gardner	Comhairle Contae Chill Chainnigh	X			
Joe Malone	Comhairle Contae Chill Chainnigh		X		
John Pender	Comhairle Contae Cheatharlach	X	X		X
Maurice Shortall	Comhairle Contae Chill Chainnigh	X	X	X	
Eleanor Reddy	Ionadaí foirne	X			X
Keith Shirley	Ionadaí foirne	X	X	X	X
Jenny O'Regan Byrne	Ionadaí tuismitheora	X		X	X
Diarmuid Ó Sé	Ionadaí tuismitheora	X			X
Gerard Brophy	Aontas		X		X
Karen Hennessy	IBEC	X		X	X
Richie Manogue	IBEC	X			X
Michael Daly	Bainistíocht/Ceannaireacht Scoile	X	X	X	
Caitlín Mhic Cárthaigh	Foras na Gaelge	X	X	X	X

Tinreamh Bhord BO&OCCC – ó Iúil 2019					
Ainm	**Ionadaíocht**	**25 Bealt**	**25 Iúil**	**3 MF**	**19 Samhain**
Fergal Browne	Comhairle Contae Cheatharlach	X		X	
Mary Hilda Cavanagh (Leaschathaoirleach)	Comhairle Contae Chill Chainnigh	X	X	X	X
Peter Cleere (Cathaoirleach)	Comhairle Contae Chill Chainnigh	X	X	X	X
Andrea Dalton	Comhairle Contae Cheatharlach			X	X
Fidelis Doherty	Comhairle Contae Chill Chainnigh	X	X	X	X
Michael Delaney	Comhairle Contae Chill Chainnigh	X	X	X	X
Brian O'Donoghue	Comhairle Contae Cheatharlach				X
Ger Frisby	Comhairle Contae Chill Chainnigh	X	X	X	X
Denis Hynes	Comhairle Contae Chill Chainnigh	X		X	
Deirdre Cullen	Comhairle Contae Chill Chainnigh	X	X	X	X
Adrienne Wallace	Comhairle Contae Cheatharlach	X	X	X	X
Patrick O'Neill	Comhairle Contae Chill Chainnigh	X	X	X	X
Laura Conheady	Ionadaí foirne	X	X		X
Matthew Kenny	Ionadaí foirne	X	X	X	X
Jenny O'Regan Byrne	Ionadaí tuismitheora		X	X	X
Eamonn Doheny	Ionadaí tuismitheora		X	X	X
Noel Phelan	NALA			X	X
Eileen Brophy	Comhlachas Éireann				X
Richie Manogue	IBEC			X	
Clare Ryan	Bainistíocht/Ceannaireacht Scoile			X	X
Caitlín Mhic Cárthaigh	Conradh na Gaeilge			X	X

Speansais Comhaltaí Boird:

Comhalta Boird		Cruinnite Reachtúla	Boird Agallaimh	Tinreamh ag Comhdhálacha/ Seimineáir	BOM	Eile	Iomlán
		€	€	€	€	€	€
Browne	Fergal	72	-	-	-	-	72
Cavanagh	Mary Hilda	801	3340	378	53	-	4572
Cleere	Peter	415	3149	428	86	553	4631
Daly	Michael	135	-	-	80	-	215
Doran	Matt	90	-	-	-	-	90
Doherty	Fidelis	263	6872	565	222	47	7969
Foley	Denis	67	-	-	164	-	231
Frisby	Gerard	542	-	-	34	2776	3352
Gardner	Breda	23	-	-	-	-	23
Hennessy	Karen	38	-	-	-	-	38
Manogue	Richard	76	130	-	-	-	206
Mhic Cárthaigh	Caitlín	229	1577	-	157	63	2026
O'Regan Byrne	Jenny	123	-	-	-	-	123
Pender	John	132	-	-	161	-	293
Phelan	Noel	13	-	-	-	-	13
Shirley	Keith	76	-	-	-	-	76
Shortall	Maurice	103	2804	-	105	34	3046
Wallace	Adrienne	38	-	-	-	-	38
		€3236	€17872	€1371	€1062	€3473	€27014

Is é Peter Cleere Cathaoirleach Bhord Oideachais agus Oiliúna Chill Chainnigh agus Cheatharlach.
Is í Mary Hilda Cavanagh Leaschathaoirleach Bhord Oideachais agus Oiliúna Chill Chainnigh agus Cheatharlach.
Tá Gerard Frisby ina bhall den Fhóram Cúltaca BO&OÉ.

Oiliúint Ionduchtaithe do Chomhaltaí Boird

Nuair a bunaíodh bord nua do BO&OCCC in Iúil 2019, bhí sé mar thosaíocht oiliúint ionduchtaithe fhoirmiúil a thabhairt do Bhord BO&OCCC agus don bhainistíocht fheidhmiúcháin. Chun an próiseas seo a éascú, chuir BO&OCCC an méid seo a leanas ar fáil chun cuidiú le comhaltaí a ról ar an mbord agus ar choistí a chomhlíonadh: Litir Cheapacháin – litir cheapacháin fhoirmiúil ina raibh sonraí ag cur síos ar an gceapachán de réir an Chóid Chleachtais um Rialú BO&O 2019;

- Pacáiste ionduchtaithe Comhaltaí Boird – ábhar cuimsitheach ar róil, freagrachtaí agus feidhmeanna Bhord BO&OCCC;
- Feasachán don Bhainistíocht Feidhmíochta ar spriocanna straitéiseacha agus ar ghníomhaíochtaí BO&OCCC
- Oiliúint don Bhord i gcúrsaí Rialachais – an Foras Riaracháin
- Ionduchtú inmheánach Foirmiúil don Choiste um Iniúchóireacht agus Riosca, agus don Choiste Airgeadais
- Feasachán ón Aonad um Iniúchóireacht Inmheánach de chuid BO&OÉ

Coistí

Tá roinnt coistí ag Bord BO&OCCC a chuidíonn leis ina chuid feidhmeanna. Ar na coistí seo tá comhaltaí boird agus/nó ballraíocht eile a chomhaontaítear. Chomh maith leis na Coistí um Iniúchóireacht agus Riosca, agus Airgeadais, tá a Bord Bainistíochta féin ag gach scoil agus tá roinnt Boird Bhainistíochta FET ann agus coiste amháin um Obair don Aos Óg.



Coiste um Iniúchóireacht agus Measúnú Riosca

Bunaíodh an Coiste um Iniúchóireacht agus Riosca faoi mhír 44 den Acht um Bhoird Oideachais agus Oiliúna, 2013. Tá ról ar leith aige - gníomhaíonn sé go neamhspleách ar bhainistíocht BO&OCCC agus tugan sé dearbhú don Bhord maidir le sásúlacht agus le héifeachtacht na bpróisis rialaithe inmheánaigh, lena n-áirítear bainistiú riosca agus rialachas corparáideach. Bhuail an coiste le chéile ar na dátaí seo a leanas in 2019; 25 Feabhra, 04 Márta, 24 Deireadh Fómhair agus 09 Nollaig.

Le linn 2019 bhí na comhaltaí a leanas ar an gCoiste um Iniúchóireacht agus Riosca:

Comhaltaí roimh Meán Fómhair 2019	**25 Fea**	**04 Már**
Mary Brennan (Cathaoirleach) – ball seachtrach	X	X
Edward Holohan – ball seachtrach	X	X
Brendan Fennelly – ball seachtrach	X	X
Maurice Shortall – Comhalta Boird	X	X
Michael Daly – Comhalta Boird	X	X
Fergal Browne – Comhalta Boird	X	

Comhaltaí tar éis Meán Fómhair 2019	**24 DF**	**09 Noll**
Mary Brennan (Cathaoirleach) – ball seachtrach	X	
PJ Leonard – Ball seachtrach	X	X
Gerard Mulvey – Ball seachtrach	X	X
Patrick O'Neill – Comhalta Boird	X	X
Michael Delaney – Comhalta Boird	X	X
Denis Hynes – Comhalta Boird		?

Mar chuid dena chlár oibre, chuir an Coiste na rudaí a leanas san áireamh:

- Tuarascálacha iniúchóra inmheánacha agus seachtracha
- Feasacháin agus dearbhuithe an ardbhainistíochta
- Miontuairiscí an Bhoird
- Miontuairiscí an Choiste Airgeadais
- Coiste Iniúchóireachta
- Struchtúirí Comhlíonta agus rialachais
- Polasaí um Bhainistíocht Riosca
- Clár Riosca
- Plean Feidhmithe um Bainistíocht Riosca
- Tuarascáil agus Polasaí um Nochtadh Cosanta
- Polasaithe agus nósanna imeacht airgeadais
- Caidreamh le hionadaí ó C&AG

Coiste Airgeadais

Tá freagracht ag an gCoiste Airgeadais athbhreithniú a dhéanamh ar ioncam agus ar chaiteachas BO&OCCC, ar chonarthaí móra agus ar ghnéithe airgeadais na bpleananna oideachais agus seirbhíse. Bhuail an Coiste le chéile ar na dátaí a leanas in 2019: 10 Eanáir, 19 Márta, 22 Deireadh Fómhair agus 03 Nollaig. Le linn 2019 bhí na comhaltaí a leanas ar an gCoiste Airgeadais:

Comhaltaí roimh Meán Fómhair 2019	**10 Ean**	**19 Már**
Mary Brennan – ball seachtrach	X	X
Peter Cleere – Comhalta Boird	X	X
Mary Hilda Cavanagh – Comhalta Boird	X	X
Matt Doran – Comhalta Boird		
Denis Foley – Comhalta Boird		

Comhaltaí tar éis Meán Fómhair 2019	**22 DF**	**03 Noll**
Mary Brennan (Cathaoirleach) – ball seachtrach		X
Sadie Aherne – ball seachtrach	X	X
Edward Holohan – ball seachtrach	X	X
Peter Cleere – Comhalta Boird	X	X
Deirdre Cullen – Comhalta Boird	X	X
Mary Hilda Cavanagh – Comhalta Boird	X	X

Mar chuid dena chlár oibre in 2019, chuir an Coiste Airgeadais na rudaí a leanas san áireamh:

- Tuarascáil ar Thionscadail Chaipitil
- Tuarascálacha míosúla ar Ioncam agus Caiteachas
- Conarthaí os cionn €50,000
- Clár Conarthaí
- Ráitis Airgeadais
- Dréachtphlean Seribhíse

- Tuarascáil an Choiste um Iniúchóireacht agus Riosca
- Dearbhuithe ón bPríomhfheidhmeannach
- Feasacháin ó lucht na hArdbhainistíochta

Ráitis Airgeadais

Is ceann de dhualgaisí an Bhoird é cinnte a dhéanamh de ndéantar léiriú cothrom, fíor agus cóir ar stádas airgeadais an BO&O go bliantúil. Tá bord BO&OCCC freagrach as cuntais a choimeád agus ráitis airgeadais bliantúla a ullmhú ar bhealach a chomhlíonann siad: reachtaíocht; na polasaithe agus na caighdeáin chuntasíochta a bhaineann le BO&O; ioncam agus caiteachas agus stádas a chur i láthair i gceart ag deireadh 2019 agus tuairisciú ar chúrsaí a mheasann sé go bhfuil sé stuama é sin a dhéanamh.

Tá Bord BO&OCCC den tuairim go dtugann na ráitis airgeadais 2019 pictiúr fíor agus cóir de staid airgeadais na h-eagraíochta, go gcuireann siad an t-ioncam agus an caiteachas i láthair go cruinn mar aon le staid na h-eagraíochta ag deireadh 2019.

Tá na Ráitis Airgeadais Bliantúla BO&OCCC don bhliain dar críoch Nollaig 2019 faoi réir iniúchóireachta an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste, agus Tuarascáil Bhliantúil BO&OCCC 2019 á foilsiú. Foilseoidh BO&OCCC na ráitis airgeadais iniúchta laistigh de mhí amháin tar éis iad a fháil ó Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

Foilseofar na Ráitis Airgeadais Iniúchta ar www.kcetb.ie.

An tAcht um Shaoráil Faisnéise, 2014

In 2019 fuair BO&OCCC 10 iarratas faoin Acht um Shaoráil Faisnéise.

Nochtuithe Cosanta

In 2019 ardaíodh ceist amháin faoin Acht um Nochtadh Cosanta 2014.

An tAcht um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014

Tá BO&OCCC tiomanta do pholasaí comhionannais, glacann sé cur chuige dearfach i leith an chomhionannais san eagraíocht agus déanann sé a dhícheall chun a chinntiú go gcaitear le daoine ar bhealach cóir agus cothrom bunaithe ar na naoi foras atá leagtha amach san Acht um Stádas Comhionann. Tá cláir agus seirbhísí tiomanta chun cinnte a dhéanamh de go bhfuil cultúr comhionannais agus cothroime mar bhonn faoin obair. In 2019 ainmníodh ionadaí ó BO&OCCC mar bhall den Ghrúpa Piarthacaíochta BO&OÉ leis an gcúram clár oibre a fhorbairt chun tacú leis na BO&O an dualgas maidir le comhionannas agus cearta daonna san earnáil phoiblí a chur i bhfeidhm. Ina theannta sin, bhunaigh BO&OCCC Foireann Tionscadail le hionadaithe ó FET, ó na Scoileanna agus ó réimsí OSD chun an obair seo a chur chun cinn.

Tuairisciú Bliantúil ar Fheidhmíocht Fuinnimh

Mar chomhlacht poiblí, tá BO&OCCC faoi dhualgas dlíthiúil tuairisciú a dhéanamh go bliantúil maidir le sonraí fuinnimh faoi I.R. 426 de 2014. In 2018, rinne BO&OCCC sábháil de 12.4%.

Próifíl na Foirne

Sa tábla thíos léirítear próifíl foirne coibhéis lánaimseartha B&OOCCC le linn 2019

2019	
Príomhfheidhmeannach	1
Stiúrthóirí	3
Riarachán & Foireann Tacaíochta	
Foireann Riaracháin (coibhéis lánaimseartha)	66.51
Foireann Cúntach (coibhéis lánaimseartha)	46.51
Foireann Scoile	
Príomhoidí	14
Leasphríomhoidí	17
Foireann Múinteoireachta (coibhéis lánaimseartha)	445.90
Cúntóirí Riachtanas Speisialta (cúntóir riachtanas speisialta)	38.75
Foireann Breisoideachais & Oiliúna	
Bainisteoir Seirbhísí Oiliúna	1
Oifigigh Oideachais Aosaigh (lena n-áirítear 1 Bainisteoir Cúnta Seirbhísí Oiliúna)	3
Comhordaitheoirí /Éascaitheoirí	12
Treoirchomhairleoirí	5
Oifigigh Óige	2
Oifigigh Forbartha Music Generation	2
Teagascóirí Taighde	11
Teagascóirí Páirtaimseartha	150
Múinteoirí/Teagascóirí (coibhéis lánaimseartha)	40
Oifigeach Eolais	2
Treoir	3
Iomlán (coibhéis lánaimseartha)	**859.67**

Tuarascálacha Stiúrthóireachta

Stiúrthóireacht Scoile

Is údarás oideachais áitiúil reachtúil é Bord Oideachais agus Oiliúna Chill Chainnigh agus Cheatharlach a fheidhmíonn de réir an Achta um Bhoird Oideachais agus Oiliúna 2013 agus de réir reachtaíochta ábhartha eile.

Cuireann sé clár cuimsitheach oideachais ardchaighdeáin ar fáil mar aon le tacaíochtaí atá deartha chun freastal ar riachtanais dhaoine óga agus dhaoine fásta ar fud Chill Chainnigh agus Cheatharlach. Tá réimse clár oideachais forbartha aige chun dul i ngleic leis an éileamh éagsúil a thagann ó na foghaimeoirí agus atá de shíor ag athrú. Inniu, tá trí mheánscoil dhéag ag BO&OCCC, coláiste breisoideachais agus oiliúna tríú leibhéal, seirbhís mhór oideachais d'aosaigh agus réimse de chúrsaí iar-ardteistiméireachta. Tá baint aige i mórán gníomhaíochtaí comhpháirtíochta ag leibhéal áitiúil agus soláthraíonn sé réimse tacaíochtaí oideachais chun cur le cáilíocht a chuid clár oideachais.

Tá BO&O Chill Chainnigh agus Cheatharlach freagrach anois as trí mheánscoil dhéag, scoileanna comhoideachais, il-sainchreidmheach, agus coláiste breisoideachais agus oiliúna tríú leibhéal. Is iad:

Coláiste Polbail Abbey, Ferrybank	Coláiste Pobail Osraí, Cill Chainnigh
Gairmscoil an Bhuiríos	Coláiste Duiske, Gráig na Manach
Institiúid Bhreisoideachais agus Oiliúna Cheatharlach	Gaelcholáiste Cheatharlach
Coláiste Aindriú, Muine Bheag	Coláiste Grennan, Baile Mhic Andáin
Coláiste Cois Siúire, Móin Choinn	Gairmscoil Chathair Chill Chainnigh
Coláiste Eoin, Baile Haicéid	Scoil Aireagail, Baile Héil
Coláiste Mhuire, Baile Sheáin	Coláiste Tyndall, Ceatharlach

Tá sé mar aidhm ag na scoileanna dara leibhéal, oideachas ardchaighdeáin iomchuimsitheach iomlánaíoch a sholáthar a chuirfidh ar chumas gach duine barr a chumais a bhaint amach ionas go mbeidh saol acu a bhfuil siad sásta ann agus go gcuirfidh siad le forbairt an tsochaí. Déanann pobail na scoileanna ina bhfuil foireann ghairmiúil, comhoibritheach, a ndícheall na haidhmeanna seo a bhaint amach tríd na rudaí a leanas a thairiscint:

- Curaclam leathan a fhreastalaíonn ar fhorbairt spiorálta, mhórálta, intleachtúil, fhisiciúil, shóisialta agus phearsanta an fhoghlaimeora
- Clár oideachais comh-churaclaim
- Clár tréadchúraim

Bunaíodh na scoileanna i mBO&O gCill Chainnigh agus i gCeatharlach mar fhreagairt ar riachtanas oideachais áitiúil, agus tá an traidisiún seo, freastal ar riachtanais foghlaimeoirí, le brath i gcónaí i measc pobail na scoile. Is léir ón réimse clár atá á dtairiscint go bhfuil spiorad nuálaíochta ann agus go ndéantar athruithe a bhainistiú.

Tá an chomhpháirtíocht i gcroílár na forbartha inár scoileanna agus tá sé le brath inár gComhairlí Mac Léinn agus Cumainn Thuismitheoirí. Oibrímid freisin i gcomhpháirtíocht le páirtithe leasmhara eile, i bhforbairt an chreidimh, an óige, an spóirt agus an phobail chomh maith leis an earnáil ghnó chun cur le taithi oideachais ár bhfoghlaimeoirí.

Leanann Bord Oideachais agus Oiliúna Chill Chainnigh agus Cheatharlach air ag cur réimse leathan de chláir ar fáil ina scoileanna. Chomh maith leis na Cláir don Teastas Sóisearach agus don Ardteistiméireacht, tairiscíonn scoilenna cláir speisialaithe ar nós Clár Scoile an Teastais Shóisearaigh, an Ardteistiméireacht Fheidhmeach agus Gairmchlár na hArdteistiméireachta.

Soláthar ag an Dara Leibhéal

Scoil	Cláir á dtairiscint						
	JC	JCSP	TY	LC	LCA	LCVP	PLC
Pobalscoil Abbey, Ferrybank	√		√	√		√	
Gairmscoil an Bhuríos	√		√	√		√	
Coláiste Aindriú, Muine Bheag	√	√	√	√	√		
Coláiste Cois Siúire, Móin Choinn	√			√		√	
Coláiste Eoin, Baile Haicéid	√		√	√		√	
Coláiste Mhuire, Baile Sheáin	√	√	√	√	√	√	
Coláiste Pobail Osraí, Cill Chainnigh	√		√	√			
Coláiste Duiske, Gráig na Manach		√	√	√		√	√
Gaelcholáiste Cheatharlach	√		√	√		√	
Coláiste Grennan, Baile Mhic Andáin	√		√	√		√	√
Gairmscoil Chathair Chill Chainnigh		√	√	√			√
Scoil Aireagail, Baile Héil	√		√	√			
Coláiste Tyndall, Ceatharlach		√	√	√		√	

Clár Scoile an Teastais Shóisearaigh (JCSP); Clár na hIdirbhliana (TY); Ardteistiméireacht Fheidhmeach (LCA); Gairmchlár na hArdteistiméireachta.
(LCVP); Iar-Ardteistiméireacht (PLC)

Líon daltaí cláraithe ag an Dara Leibhéal

Scoil	2018/2019
Pobalscoil Abbey, Ferrybank	922
Gairmscoil an Bhuríos	535
Coláiste Aindriú, Muine Bheag	71
Coláiste Cois Siúire, Móin Choinn	140
Coláiste Eoin, Baile Haicéid	219
Coláiste Mhuire, Baile Sheáin	553
Coláiste Pobail Osraí, Cill Chainnigh	230
Coláiste Duiske, Gráid na Manach	130
Gaelcholáiste Cheatharlach	355
Coláiste Grennan, Baile Mhic Andáin	310
Gairmscoil Chathair Chill Chainnigh	216
Scoil Aireagail, Baile Héil	199
Coláiste Tyndall, Ceatharlach	403
Iomlán	**4,283**

Líon na ndaltaí Iar-Ardteistiméireachta ar rolla

Scoil	2018/2019
Carlow Institute of Further Education and Training	649
Coláiste Duiske, Gráid na Manach	34
Coláiste Grennan, Baile Mhic Andáin	51
Gairmscoil Chathair Chill Chainnigh /Coláiste Breisoideachais Ormonde	269
Total	**1,003**

Mórghníomhartha Scoile in 2019

Lean scoileanna BO&O Chill Chainnigh agus Cheatharlach orthu ag fás agus ag forbairt in 2019 agus bhí méadú ann i líon na ndaltaí a chláraigh i roinnt scoileanna.

Múinteoireacht agus Foghlaim

Lean ár scoileanna go léir leis an bPleanáil Forbartha Scoile, leis an bhFéinmheasúnú Scoile agus le pleanáil DEIS, agus bhí mórán scoileanna bainteach i sraith de thionscnaimh i reimsí na múinteoireachta agus na foghlama.

- **Athchóiriú Curaclaim-** Leanadh leis an oiliúint don Teastas Sóisearach agus bhí sraith de laethanta oiliúna agus oiliúint in-seirbhíse. Mar chuid den Chlár Folláine don Teastas Sóisearach, d'eagraigh mórán scoileanna imeachtai folláine, e.g. Seachtain Scoileanna Gníomhaíochtaí, Lip Syncs, Seó Tallainne, Bheith Sábháilte Ar Líne agus cláir frithbhulaíochta srl. Ag an leibhéal sinsearach, rolladh amach na hábhair nua Corpoideachais, agus Polaitíocht agus an Sochaí chun roghanna breise a thabhairt do dhaltaí i roinnt denár scoileanna.

- **Modheolaíochtaí Múinteoireachta**– Eagraíodh sraith de cheardlanna Múinteoireachta agus Foghlama le Mike Hughes ar dhírigh ar mhodheolaíochtaí agus cleachtaí múinteoireachta. Reáchtáladh dhá cheardlann ar 25 Eanáir 2019 agus 27 Feabhra 2019 agus bhí 45 múinteoir i láthair san iomlán ó na ceithre scoil dhéag ar fad. Ina theanna sin, bhí ceardlann chóitseála ann ar 24 Eanáir 2019, agus fuair 12 múinteoir oiliúint chun cóitseáil a dhéanamh agus tacaíocht a thabhairt maidir leis na Prionsabail Magenta agus iad a neadú in éineacht le comhghleacaithe scoile. Is cuid í seo de thionscnamh ar fud na BO&O chun feabhas a chur ar chaighdeán na múinteoireachta agus na flghlama inár scoileanna.

- **Foghlaim Dhigiteach** – Chríochnaigh grúpa de cheannairí Digiteacha ó scoileanna BO&O éagsúla clár oiliúna; anois tá siad ag cur an fhoghlaim dhigiteach chun cinn ina scoileanna féin. An aidhm atá ann ná an teicneolaíocht dhigiteach múinteoireachta agus foghlama a neadú i scoileanna agus i gcoláistí, agus beidh daltaí agus múinteoirí ag baint úsáide as Microsoft Office 365.

- **Mórghníomhartha a Aithint**
  - D'éirigh thar barr lenár ndaltaí i gcúrsaí acadúla, spóirt agus seach-churaclaim, agus rinne siad ionadaíocht ar son ár mBO&O ag an leibhéal is airde go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta, e.g. chuaigh Coláiste Aindriú ar aghaidh go dtí an babhta deiridh sa

chomórtas náisiúnta Junk Kouture, bhuaigh Scoil Aireagail Comórtas Idirmheánach na h-iománaíochta do Choláistí Sinsearacha B, d'éirigh le Coláiste Grennan an chraobh Uile-Éireann sa Liathróid Láimhe a bhaint amach, bhuaigh foireann Peile Gaelach Coláiste Eoin U16 an chraobh i gComórtas Scoile Laighean Theas, bronnadh an Bhratach Ghlas don Bhithéagsúlacht ar Ghairmscoil Chill Chainnigh den chúigiú uair, bhaigh Coláiste Mhuire Stádas Ambasadóra Scoile sa Rothaíocht in aghaidh Féinmharú den cheathrú uair, fuair Coláiste Ormond ardmholadh sa Chomórtas Náisiúnta um Scileanna Gairme, agus d'éirigh thar barr le Pobalscoil Abbey sa Chomórtas Ealaíne do Leanaí de chuid Texaco.

- Reáchtáladh ár gcomórtas Díospóireachta Scoile BO&OCCC ar 09 Aibreán 2019 agus ba as Coláiste Pobail Abbey a tháinig an fhoireann a thug an chraobh leo.
- Bronnadh gradam Dalta na Bliana ar 06 Meán Fómhair 2019. Ainmníodh dalta ó gach scoil chun gradam a fháil as a gcuid mórghníomhartha agus chun aitheantas a thabhairt dá rannpháirteachas i saol na scoile i gcoitinne.

Rialachas Scoile agus Bainistíocht

- Bhí roinnt cigireachtaí scoile ann i rith na bliana, lena n-áirítear:
  - Cigireacht Treoirchomhairleoireachta i gColáiste Aindriú agus i nGairmscoil Chill Chainnigh,
  - Cigireacht mhatamaitice i gGaelcholáiste Cheatharlach,
  - Cigireacht Leanúna sa Ghaeilge i gColáiste Mhuire,
  - Cigireacht Phíolótach um Cosaint Leanaí i gColáiste Grennan agus
  - Cigireacht DEIS (Delivering Equality of Opportunity in Schools) i gColáiste Duiske.

  Tá na moltaí a d'eascair ó na cigireachtaí á gcur i bhfeidhm sna scoileanna.

- **Ag Feabhsú Foirne Ceannasaíochta –** Reáchtáladh an Chomhdháil Earraigh don Fhoireann Bainistíochta ar 14 agus 15 Márta 2019. Tacaíonn an chomhdháil lenár gceannairí scoile a n-acmhainneacht a fhorbairt chun bheith ina gcinnirí múinteoireachta, foghlama agus forbartha i scoileanna BO&OCCC. I measc na gceardlanna ag an gcomhdháil bhí: Ceannaireacht don Athrú Straitéiseach; Ag Obair le Foghlaimeoirí Idirmheánacha; Ag Treorú na Foghlama do Chách: Léirscáiliú mar Phróiseas agus mar Tháirge, agus Bainistiú Iompair Dearfach do Scoileanna.

  Rinne Ceannairí Scoile athbhreithniú bliantúil lena bhfoirne ceannasaíochta idirmheánacha ina scoileanna ar aon dul le CL 003/2018.

- **Timpeallachtaí Foghlama Ardcháilíochta –** bhí tiomantas ann do thimpeallachtaí múinteoireachta agus foghlama ardcháilíochta agus baineadh é seo amach tríd na rudaí a leanas:
  - **Infreastrcuhtúr digiteach feabhsaithe** inár scoileanna ina raibh uasghrádú ann maidir le nascacht, le bogearraí agus le crua-earraí. D'fhorbair ár scoileanna pleananna r-fhoghlama agus d'éirigh leo cistiú breise a fháil trí Dheontais TFC ón Roinn Oideachais agus Scileanna.
  - **Campas Cheatharlach críochnaithe** – D'oscail Coláiste Tyndall agus Institiúid Cheatharlach Breisoideachais agus Oiliúna a ndoirse do dhaltaí ar an gCampas nua i Lúnasa 2019 agus tá acmhainneacht rollaithe de 1,000 dalta i ngach coláiste.

- **Aonaid ASD breise curtha ar fáil i roinnt scoileanna** osclaíodh tríú rang speisialta do dhaltaí a bhfuil neamhord de chuid speictream an uathachais acu i nGairmscoil Chill Chainnigh, agus osclaíodh Aonaid ASC úrscothach i gColáiste Mhuire agus i gColáiste Tyndall ag cur timpeallachtaí múinteoireachta agus foghlama ardchaighdeáin ar fáil do dhaltaí a bhfuil riachtanais bhreise acu.
- **Tuilleadh uasghrádaithe ar fhoirgnimh scoile –** chuir Coláiste Grennan críoch le hoibreacha leictreachais agus deisíodh díon an ionaid eachaíochta; deisíodh píopaí agus an coire i nGairmscoil Bhuríos agus cuireadh tús le síneadh mór a thógáil; rinneadh athchóiriú ar dhá fhoirgneamh réamhdhéanta i gColáiste Duiske; i gColáiste Mhuire cuireadh seomraí ranga breise isteach mar aon le córas bainistíochta tráchta nua; rinneadh dul chun cinn ar Champas Scoileanna Chill Chainnigh - Coláiste Pobail Osraí agus Gairmscoileanna Chathair Chill Chainnigh, nuair a ceapadh Foireann Deartha agus nuair a comhaontaíodh réamhlíníochtaí laistigh de BO&OCCC don dá scoil.

- **Rialachas Scoile** - Bunaíodh Boird Bhainistíochta nua dár scoileanna agus dár gcoláistí, agus dheimhnigh ár BO&O comhaltaí nua ar 19 Samhain 2019. Tugadh oiliúint do chomhaltaí boird ar 25 agus 27 Samhain i gCill Chainnigh agus i gCeatharlach faoi seach. Chuir ár gceannairí scoile go léir a n-ainm le Doiciméad/Doiciméid Dearbhaithe um Rialachas Corparáidech do 2019.

Comhpháirtíochtaí leis an bpobal i gcoitinne

I rith na bliana, chonaiceamar torthaí an chomhoibrithe idir scoileanna agus ár gcomhpháirtithe oideachais éagsúla. Tá tiomantas na gcomhpháirtithe go léir le moladh i leith barr feabhais oideachais a chur chun cinn agus léirítear é tríd na rudaí a leanas:

Guth an Dalta a chur chun cinn – Reáchtáladh dhá cheardlann oiliúna do bhaill de Chomhairle Mic Léinn ar 16 and 30 Meán Fómhair i gCill Chainnigh agus i gCeatharlach. Bhí 144 dalta i láthair. Thug na Comhairlí Mic Léinn i mórán scoileanna tús áite do shaincheisteanna aeráide ina bplean oibre do 2019, e.g. córais athchúrsála a thabhairt isteach agus buidéil phlaisteacha agus plátaí páipéir/plaisteach a bhaint as na scoileanna. Thug an Stiúrthóir Scoileanna ceardlann do mhúinteoirí ar conas guth an dalta a spreagadh ag comhdháil oideachais iar-bhunscoile Chontae Cheatharlach ar 29 Lúnasa 2019.

- **Ag obair i gcomhpháirtíocht le tuismitheoirí agus leis an bPobal –** De bharr naisc láidir le tuismitheoirí ag leibhéal na scoile, ghlac Cumainn Thuismitheoirí páirt láidir agus toghadh oifigigh nua ar na Cumainn sin. Tá an chuid is mó denár gCumainn Thuismitheoirí comhcheangailte leis an gcomhlacht náisiúnta, Comhairle Náisiúnta na dTuismitheoirí Iar-Bhunscoile (NPCPP).
- **Scoileanna mar Ionaid Barr Feabhais** – Tá baint ag mórán denár scoileanna le tionscadail comhoibríocha le páirtithe leasmhara eile a léiríonn an dea-chleachtas sa mhúinteoireacht agus san fhoghlaim.
- **Ciste Scoile Barr feabhais** – Bhí Coláiste Mhuire nasctha le cúig bhunscoil áitiúil do STEM-Digiteach agus rith siad imeacht a chuir an bhéim ar an obair a bhí ar siúl ag an ngrúpa daltaí agus na múinteoirí seo, agus thaispeáin siad na torthai don PDST agus do thionscail

áitiúla. Bhí Gairmscoil Chathair Chill Chainnigh ina chás staidéir ar PDST i seisiún Forbartha Gairmiúla Leanúnaí maidir leis an ionchuimhsiú i scoileanna Iar-Bhunscoile in Éirinn, agus tá Gairmscoil Chathair Chill Chainnigh fós ag obair leis an PDST ar Fhorbairt Ghairmiúil Leanúnach a dhearadh agus a sheachadadh ar an gCeannaireacht agus ar an Ionchuimsiú.

- **Ionad don Cheannaireacht Scoile** – tá grúpa scoileanna BO&O i gCeatharlach (Coláiste Eoin agus Coláiste Tyndall) agus i gCill Chainnigh (Coláiste Grennan, Coláiste Duiske, Coláiste Pobail Osraí, Scoil Aireagail) ag comhoibriú ar mhodheolaíochtaí múinteoireachta gníomhacha agus ag neadú an litearthacht dhigiteach faoi seach. Déantar é seo a thacú tríd an Ionad don Cheannaireacht Scoile.
- **Naisc idirnáisiúnta don Fhoghlaim** – Tá roinnt denár scoileana tar éis comhpháirtíochtaí a bhunú le heagraíochtaí foghlama idirnáisiúnta agus Eorpacha, e.g. tá nasc cruthaithe ag Gairmscoil Bhuríos le scoil Gearmánach i gcathair Ingolstadt na Baváire; bhí baint ag Coláiste Mhuire le clár malairte mac léinn Spáinneach; chuir Pobalscoil Abbey fáilte roimh dhaltaí, roimh bhaill foirne agus roimh tuismitheoirí ó Howard W Blake High School i Tampa Florida, agus bronnadh an Chairt Soghluaiseachta ERASMUS+ ar Institiúid Bhreisoideachais agus Oiliúna Cheatharlach, áit a bhfuil deis ag na daltaí a gcuid eispéireas a fheabhsú i gcomhthéacs idirnáisiúnta trí dhul ar thurais chónaitheacha chistithe chuig eagraíochtaí comhpháirtithe ar fud an domhain.
- **Naisc Ardoideachais** – Chruthaigh na cláir Idirbhliana, Gairmchlár na hArdteistiméireachta (LCVP), agus an Ardteistiméireacht Fheidhmeach (LCA) naisc níos láidre le coláistí breisoideachais agus ardoideachais agus labhair aoichainteoirí sna scoileanna. Bhí na scoileanna páirteach freisin i Seachtainí Feasachta agus thug siad cuairt ar Laethanta Oscailte na gColáistí. D'oibrigh ár gColáistí Breisoideachais lena gcomhpháirtithe straitéiseacha maidir le 'Babhta a Náid' agus naisc 'Ard-Iontrála' go dtí cláir chéime, go háirithe le IT Cheatharlach, IT Phort Láirge agus Coláiste Cheatharlach.

Féach www.kcetb.ie chun tuilleadh eolais a fheiceáil ar ár scoileanna iar-bhunscoile.

Stiúrthóireacht Breisoideachais agus Oiliúna

Le linn 2019 bhí os cionn 7,500 foghlaimeoir aonair i láthair ag cúrsa/clár BO&OCCC Briesoideachais agus Oiliúna ar fud Chill Chainnigh agus Cheatharlach. Bhí fás leanúnach ann i líon na ndaoine a chláraigh le haghaidh Cúrsaí Oiliúna agus Printíseachtaí agus bhí méadú 32% i líon na ndaoine fásta a bhí ag iarraidh páirt a ghlacadh san fhoghlaim ar feadh an tsaoil. Tríd an gClár nua Scileanna chun Dul Ar Aghaidh, bhí deiseanna uas-scilithe ann i réimsí ar nós Ceannaireacht & Bainistíocht, Microsoft Office Core & Expert chomh maith le cúrsaí páirtaimseartha Milseogra agus Patisserie.



Dearbhú Cáilíochta

Cuireadh tuilleadh feabhais ar an Dearbhú Cáilíochta trí Phlean Feabhais Cáilíochta BO&OCCC do 2019. Rinneadh cláir nua a bhailíochtú, rinneadh polasaithe agus nósanna imeachta measúnaithe a dhréachtú agus tionóladh an chéad Ghrúpa um Thorthaí a Fhaomhadh i mBealtaine. Ar fud Chill Chainnigh agus Cheatharlach, ba thrí BO&OCCC a bronnadh 47% de na gradaim QQI. Chuaigh os cionn 2,500 foghlaimeoir ar aghaidh go dtí cúrsaí FET nó HET, agus chuaigh beagnach 500 foghlaimeoir i mbun fostaíochta go díreach ó chúrsa BO&OCCC.

Litearthacht d'Aosaigh

- **Áiríter leis seo Litearthacht, ESOL, ITABE agus Cláir Athlonnaithe Dídeanaithe**
- Clár Athlonnaithe Dídeanaithe curtha ar fáil do dhaoine ón tSiria i gCeatharlach, sa Tulach, i Muine Bheag, i mBaile an Phoill, i gCaisleán an Chomair, i mBaile Mhic Andáin, in Áth na nUrlainn agus i gCallainn
- D'oibrigh mac léinn ó Chill Chainnigh le NALA chun píosa promóisin a chur le chéile do RET maidir le Litearthacht d'Aosaigh.
- RPL (Aitheantas Réamhfhoghlama): Ritheadh clár dar teideal TOBAR ar bhonn píolótach idir na Fórsaí Cosanta, na BO&O agus QQI chun aitheantas a thabhairt do scileanna neamhtheastasaithe, de réir an Chreata Náisiúnta Cáilíochtaí. Cuireadh críoch rathúil leis an gclár seo i Meitheamh 2019 agus bhain 4 foghlaimeoir Mórdhámhachtain ag Leibhéal 4 amach.

Printíseachtaí

- Tá Printíseachtaí do Commis Chef tar éis dul isteach sa dara bliain.
- Bhuaigh printíseach ó Magna Auto-launch International, Muine Bheag, bonn óir ag an gcomórtas Scileana Náisiúnta i mBaile Átha Cliath (Aibreán 2019) sa chatagóir innealtóireachta. Déanfaidh sé ionadaíodht ar son na hÉireann ag Comórtas Scileanna Domhanda sa Rúis.
- Dhear agus rinne foireann de 5 printíseach ó CDS Architectural Metalwork Ltd., i mBaile an Phoill litir A mórscála don Chomórtas SOLAS, Glúin A 2019. Roinn siad an chéad áit le foireann eile.

BTEI

- In 2019 bhí fócas láidir ag an gclár BTEI ar chroíchumas, leis an aidhm deiseanna fostaíochta i measc na bhfoghlaimeoirí a mhéadú.
- Bhí cláir i Scileanna don Fhostaíocht, Riarachán Oifige/TFC, Gairneoireacht, Cúram Sláinte, Cúram Leanaí agus Scileanna Cócaireachta á dtairiscint ag BTEI.
- Chomhóstáil BTEI agus an Oideachas Pobail Searmanas Bronnta Bliantúil san Fhómhair in 2019. Bronnadh teastais QQI ar na céadta foghlaimeoir ag Leibhéal 3 – 6.

Nasc-Chúrsai & Bonnchúrsaí

- Cuireadh tús le dhá chlár nasc-chúrsaí agus bonnchúsaí nua. Mhair an chéad chlár, DFÉ agus Cógasaíocht Miondíola 15 seachtain i Muine Bheag, Co. Cheatharlach. Bhí sé mar aidhm ag an gclár achoimre a dhéanamh d'fhoghlaimeoirí ar na scileanna is gá don timpeallacht miondíola mar aon le scileanna ginearálta don saol.
- Forbraíodh an dara clár i gcomhar le 'Comhpháirtíocht Ceannasaíochta Chill Chainnigh' agus 'Naisc Ghníomhacha'. Tugadh 'Gníomhaíochtaí Allamuigh agus an Áit Oibre' ar an gclár seo agus reáchtáladh é ag an Mol Gníomhaíochtaí Allamuigh i nGráig na Manach, Co. Chill Chainnigh.

Oideachas Pobail
• In 2019 ghlac os cionn 2000 foghlaimeoir i ranganna a dtugadh cistiú dóibh tríd an tSeirbhís Oideachais Phobail. Bhí ranganna ar siúl i mórán suíomhanna ar fud an dá chontae, agus arís i mbliana bhí méadú ann i ngíomhaíochtaí comhpháirtíochta a bhí dírithe ar an dífhostaíocht fhadtéarmach trí cur chuige ilghníomaireachta. • I gcomhpháirtíocht le U-Casadh, lean an tSeirbhís Oideachais Phobail le tacaíocht a thabhairt do ghrúpa Romach i scileanna Tógála ina raibh adhmadóireacht, tíliú agus plástráil san áireamh. Chruthaigh an grúpa spás gairdín agus tá modúil Gairneoireachta QQI leibhéal 3 críochnaithe acu.

Ionaid Oiliúna Pobail
• Leanann na hIonaid Oiliúna Pobail orthu i gCeatharlach agus i gCill Chainnigh ag cur oiliúina ar fáil do luathfhágálaithe scoile idir 16 agus 21 bliain d'aois. • Chuir Aos Óg don Fhostaíocht i gCill Chainnigh (KEY) agus Oiliúint don Aos Óg i gCeatharlach (CYT) oiliúint ar fáil sna réimsí a leanas: QQI Leibhéal 3 Mórdhámhachtain i Scileanna don Fhostaíocht, Lónadóireacht agus Fáilteachas, Cúram Leanaí, Tógáil agus Ullmhúchán don Phrintíseacht. • Bhí Mórdhámhachtainí QQI Leibhéal 4 ar siúl sna hionaid i: Scileanna Oifige, Dearadh agus Grafaic. • Bhí Dámhachtainí VTCT ann freisin sa: Gruagaireacht & Bearbóireacht, Áilleacht, Sláinte agus Aclaíocht.

Tionscnaimh Oiliúna Áitiúla
• Chuir Seirbhísí Oiliúna cistiú ar fáil do sheacht dTionscnamh Oiliúna Áitiúil i gCill Chainnigh agus i gCeatharlach. D'oibrigh gach ceann de na Tionscnaimh seo go dlúth lena bpobail áitiúla in 2019 chun réimse seirbhísí dírithe ar an duine a chur ar fáil a chuideoidh le foghlaimeoirí áitiúla a gcuid scileanna a fhorbairt chun dul isteach den chéad uair nó dul isteach arís sa mhargadh saothair. • Ghnóthaigh foghlaimeoirí in Áth na nUrlainn réimse scileanna inaistrithe agus iad i mbun rannpháirteachais dheonaigh ina gceantar áitiúil.

Scileanna don Obair & Scileanna chun Dul ar Aghaidh
• Reáchtáladh líon beag de cláir Scileanna don Obair in 2019 agus d'éirigh go han-mhaith leo. Ina measc bhí an Chumarsáid trí Ríomhairí agus Litearthacht san Áit Oibre. Dearadh dhá chlár faoi leith do na Fórsaí Cosanta. • Faoi Scileanna chun Dul ar Aghaigh, tairiscíodh cúrsa Patisserie Gairmiúil agus Seirbhísí Milseogra lá amháin sa tseachtain agus ar deireadh beidh Dioplóma Leibhéal 3 sa Mhilseogra agus Patisserie ag na foghlaimeoirí (City & Guilds). Cuirfidh an clár seo ar chumas daoine atá ag obair i gcistiní gairmiúla rochtain a fháil ar oiliúint a chabhróidh leo post mar chef taosráin a fháil.

- Chuir Seirbhísí Oiliúna cúrsa QQI Leibhéal 6 Oiliúint don Teagascóir ar fáil mar chuid dhen mhéid a chuireann sé ar fáil do chomhlachtaí ar mhian leo a gcuid fostaithe a uas-sciliú.

Sainoiliúint

- Lean na Líonraí Foghlama Náisiúnta i gCill Chainnigh agus i gCeatharlach cúrsaí oiliúna pearsantaithe a thairiscint do dhaoine a raibh tacaíocht bhreise de dhíth orthu chun feabhas a chur ar cháilíocht a mbeatha, post a fháil nó leanúint ar aghaidh go dtí an breisoideachas nó an oiliúint.
- Chuir NLN Ceatharlach Mórdhámhachtain Leibhéal 4 QQI ar fáil i Scileanna Miondíola, agus chuir NLN Cill Chainnigh oiliúint ar fáil ag Leibhéal 4 QQI i Scileanna Fostaíochta.
- I measc na mbuaicphointí le blian anuas bhí an taithí oibre, ina bhfaigheann foghlaimeoirí taithí luachmhar fadtéarmach i dtimpeallachtaí oibre i rith an chúrsa oiliúna.

Sainscileanna

- Lean na cláir Oiliúna Sainscileanna orthu ag tairiscint cúrsáí gearra oiriúnaithe dóibh siúd ag lorg scileanna a bhaineann le fostaíocht agus gairmcháilíochtaí fhoirmiúla a fháil.
  Bhí cláir ar fáil thar tréimhse 3 go dtí 10 seachtainí, agus dearadh iad chun freastal ar riachtanais dhaoine atá ag lorg fostaíochta agus / nó ar mhian leo uas-sciliú a dhéanamh laistigh den fhostaíocht reatha.
- Tairiscíodh na cláir Sainoiliúna a leanas: Forcardaitheoir, Pas Sabháilte agus Oiliúint sa Láimhsiú, Táthú ag Bunleibhéal agus Meánleibhéal, agus Feithicil Earraí Troma a thiomáint.
- Téann ar a laghad 55% de rannpháirtithe ó na cúrsaí seo isteach san fhostaíocht go díreach.

Cúrsaí Oiliúna

- Forbraíodh an Cúrsa Oiliúna TF um Theicneolaíocht agus Bhogearraí i gcomhar le IOT Cheatharlach. Nuair a bheidh an QQI Leibhéal 6 TF san Fhorbairt Bogearraí déanta acu, beidh ar chumas na n-iarratasóirí comhpháirteanna agus córais bhogearraí i dtimpeallacht áite oibre a dhearadh, a fhorbairt agus a thástáil, agus / nó iarratas a chur isteach a iontráil dhíreach isteach i Bliain 2 den Bhaitsiléir Eolaíochta in IOT Cheatharlach.
- Thosaigh na cúrsaí Scileanna Cócaireachta agus Riaracháin Oifige freisin in 2019 i gCill Chainnigh agus i gCeatharlach.

VTOS
• Bhronn an dá ionad VTOS Teastais QQI City & Guilds ar rannpháirtithe. • Bhí taispeántais ann chun obair chruthaitheach na bhfoghlaimeoirí a chur ar taispeáint. • Tugadh tacaíocht d'fhoghlaimeoirí scaipthe ar fud an dá chontae le roinnt clár lena n-áirítear Cúram Sláinte; Staidéar Altranais; Garraíodóireacht & Dearadh Tírdhreacha; Córais Ríomhaire & Líonrú; Spórt & Aclaíocht; Cúram & Eolaíocht Ainmhithe; Ardriarachán Gnó; Bearbóireacht; Teicneolaíocht an Cheoil; Seirbhísí Poiblí & Éigeandála; Gruagaireacht; Taisteal & Turasóireacht; Sláinte Iomlánaíoch; Cúram Agus Oideachas na Luath-Óige; Smideadh Ardleibhéil; Déantús & Dearadh Troscáin.

Ógtheagmháil
• Cheiliúir Ógtheagmháil Chill Chainnigh 20 bliain i mBealtaine 2019 le himeacht a bhí bunaithe ar an méid a bhí bainte amach ag foghlaimeoirí i rith na blianta. • Bhí torthaí na hArdteistiméireachta sa dá ionad ar ardleibhéal agus chuaigh foghlaimeoirí ar aghaidh go dtí FET. • D'fhreastail foghlaimeoirí ar laethanta eolais i gColáiste Cheatharlach, IOT Cheatharlach, Coláiste Ormonde agus Institiúid Bhreisoideachais agus Oiliúna Cheatharlach

Treoir d'Aosaigh
• Tugann an tSeirbhís Treorach d'Aosaigh deis do dhaoine aonair agus do ghrúpaí roghanna oideachais agus gairme a aithint, mar aon le machnamh agus athbhreithniú a dhéanamh orthu. • D'éascaigh an tSeirbhís Treorach d'Aosaigh ceardlanna do ghrúpaí BTEI i roinnt suíomhanna. Tacaíonn an tseirbhís freisin leis an raon d'fhoghlaimeoirí difriúla i gCill Chainnigh agus i gCeatharlach, lena n-áirítear idirghabhálacha treorach a dhéanamh le grúpaí dídeanaithe ón tSiria, Clubanna Jab agus sna Fórsaí Cosanta i measc rudaí eile. • Comhoibriú Idirghníomhaireachta RGFCS – BO&O – Prótacal RGFCS agus BO&OCCC Idirghníomhaireachta: Atreoraíodh cliaint ag bhí ag obair le Cásoifigigh san oifig áitiúil INTREO go dtí an tSeirbhís Treorach d'Aosaigh le haghaidh seisiún treoirchomhairleorieachta oideachais pearsanta. Is sampla sár-mhaith é an prótacal seo de chomhoibriú idirghníomhaireachta. Cinntíonn sé go mbíonn comhoibriú éifeachtach ardleibhéil idir gníomhaireachtaí leis an aidhm tacú le haosaigh dífhostaithe roghanna oideachais agus gairme a aithint, rochtain a fháil orthu agus dul chun cinn a dhéanamh san oideachas agus/nó go gairmiúil.

Music Generation
• Lean Music Generation Cheatharlach leis an traidisiún taibhiúcháin atá aige lena cheolchoirm bliantúil ag Ceol ag Stua Laighean. Tháinig an Rip Tide Movement go dtí Ceatharlach in Iúil agus bhí ceardlann scríbhneoireachta agus taibhiúcháin dhá lá ann do dhaoina óga. Ag deireadh an imeachta d'eagraigh na daoina óga ceolchoirm. • Chuaigh ronnt daoine ó Cheatharlach go dtí Sitges i nDeireadh Fómhair chun páirt a ghlacadh san Fhéile Creative Connexions. Taispeántas de Chultúr Éireannach agus Catalan a bhí ann agus ghlac ceoltóirí, taibheoiri agus ealaíontóirí mór le rá ó Éirinn agus Catalunia páirt ann. • Cuireadh tús le Music Generation Chill Chainnigh i Feabhra 2019. Thosaigh na chéad chláir san Fhómhair i scoileanna i gCaisleán an Chomair, i Maigh Coillí agus i dTobar Eoin. Tá beagnach 400 leanaí i mbun oideachais sa cheol cheana féin.

Uaireanta Comh-oibrithe FET
• Le linn 2019 méadaíodh na huaireanta oibre chun grúpaí nua a thabhairt isteach i gCill Chainnigh agus i gCeatharlach, lena n-áirítear Feirm N. Proinsias, La Nua, SOS, IWA agus NLN. Seachadaíodh litearthacht, uimhirtheacht agus croíscileanna do ghrúpaí i dtimpeallachtaí a thacaíonn le foghlaimeoirí.

Seirbhísí Óige
• Díríonn an Tionscnamh Infhostaitheachta don Aos Óg ar dhaoine óga idir 16 and 24 nach bfhuil san fhostaíocht ná san oideachas ná san oiliúint, chun go mbeidh muinín acu páirt a ghlacadh i gcláir agus i seirbhísí atá ar fáil cheana féin. Thacaigh Seirbhísí Óige le Foroige an tionscnamh seo a sheachadadh i gCaisleán an Chomair. • Cuireadh tuilleadh feabhais ar an Tionscadal Tairseach i gCill Chainnigh i gcomhar le RLGÓ agus le Seirbhísí Óige Osraí. • Forbraíodh Seirbhís Obair don Aog Óg nua sa Tulach i gcomhar le RLGÓ agus le Seirbhísí Óige Réigiúnacha Cheatharlach. • Cuireadh críoch leis an bpróiseas próifithe ceantair agus an bPróiseas Ceantair, Measúnú Riachtanais agus Uirlis Riachtanais Seirbhíse do Chill Chainnigh agus do Cheatharlach don tionscadal UBU nua Do Spás Do Thionscadal.

Stiúrthóireacht Forbartha & Tacaíochta Eagraíochtúil (OSD)

An ról atá ag an fhorbairt agus tacaíocht eagraíochtúil (OSD) ná feidhmeanna eagraíochta agus straitéiseach BO&OCCC a bhainistiú agus a sheachadadh.

Tá an Stiúrthóireacht OSD déanta suas as na Seirbhísí Corparáideacha, na rannóga Airgeadais, Acmhainní Daonna agus TFC. Cabhraíonn an OSD le BO&OCCC a chuid spriocanna agus aidhmeanna straitéiseacha a bhaint amach agus cinntíonn sé go gcomhlíonann seirbhísí BO&OCCC go léir na caighdeáin is airde.

Tá an Stiúrthóir OSD, mar Phríomhoifigeach Riosca agus i gcomhar leis an bPríomhfheidhmeannach, freagrach as comhordú a dhéanamh ar bhainistíocht riosca, ar rialachas, ar chomhlíonadh agus ar rialú inmheánach ar fud na heagraíochta.

I measc na spriocanna a baineadh amach in 2019 bhí na rudaí a leanas:

Tacú le foireann BO&OCCC a ról a dhéanamh maidir leis na caighdeáin ghairmiúla is airde a bhaint amach.	• Clár folláine ar fáil don fhoireann go léir • Feasacháin rialachais agus bainistíochta riosca curtha ar fáil don fhoireann • Tacaíocht agus cúnamh maidir le riachtanais Bainistíochta Sonraí
Caighdeáin arda rialachais a chur i bhfeidhm i seirbhísí BO&OCCC	• Feasacháin rialachais agus bainistíochta riosca curtha ar fáil don fhoireann • Forbairt déanta ar Phlean Feidhmithe agus ar Pholasaí Bainistíochta Riosca • Forbairt déanta ar pholasaithe agus ar nósanna imeachta • Ainm curtha go luath le Ráitis Airgeadais 2018 • Uasdátú agus cothabháil ghníomhach ar an gClár Riosca • Plean Soláthair Chorparáideach forbartha agus curtha i bhfeidhm • Ráitis Pinsin eisithe
Timpeallachtaí ardchaighdeáin a chruthú agus a chothú i ngach oifig, scoil agus ionad de chuid BO&OCCC	• Tionscadail Chaipitil ○ Cóiríocht bhreise i gColáiste Mhuire agus GS Bhuríos ○ Oibreacha éigeandála ag Coláiste Pobail Abbey agus Duiske • Athbhreithniú gníomhach ar léasanna reatha chun luach ar airgead a chinntiú mar aon le riachtanais cóiríochta cuí

	• Forbairt déanta ar infreastruchtúr TFC chun bogearraí TFC uasghrádaithe a sholáthar
Córais thacaíochta a chur i bhfeidhm chun a chinntiú go gcomhlíonann scoileanna, ionaid agus cláir a riachtanais dearbhú cáilíochta cuí	• Tacaíocht on gCeannoifig do scoileanna agus ionaid maidir le: Seirbhísí AD, Airgeadais agus Corparáideacha
Athbhreithniú a dhéanamh ar fheidhmíocht eagraíochta in aghaidh múnlaí dea-chleachtais, go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta	• Caighdeáin earcaíochta dea-chleachtais náisiúnta agus earnála curtha i bhfeidhm • Aistriú go dtí Seirbhísí Comhroinnte Párolla ar bun
Úsáid TFC a mhéadú laistigh de BO&OCCC chun cur le cáilíocht na seirbhíse	• Microsoft Office 365 tugtha isteach i scoileanna • Forbairt déanta ar chórais TFC inmheánacha ag súil leis an aistriú go dtí Seirbhísí Comhroinnte Párolla
Comhoibriú le ROS, BO&OÉ agus BO&O eile	• Eolas agus nósanna imeachta roinnte chun dea-chleachtas a éascú ar fud na hearnála

etb

Bord Oideachais agus Oiliúna
Chill Chainnigh agus Cheatharlach
Kilkenny and Carlow
Education and Training Board

NÓTA:

Tá an dréacht seo faoi rún do chomhaltai an Bhoird go dtí go gcuirfear faoi bhráid Thithe an Oireachtais é agus go dtugtar cead é a fhoilsiú.